Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12986/25**

**CLIMA 347**
**ENV 857**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12792/25 |
| Ábhar: | Ráiteas intinne ón Aontas i bhfianaise na haighneachta ón Aontas maidir le rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDC) arna chur faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)<br>– Formheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an Ráiteas Intinne maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle é ag an 4117ú cruinniú dá cuid, an 18 Meán Fómhair 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS INTINNE
Ó UACHTARÁNACHT NA DANMHAIRGE AR CHOMHAIRLE
AN AONTAIS EORPAIGH AGUS ÓN gCOIMISIÚN EORPACH THAR CEANN
AN AONTAIS EORPAIGH AGUS A BHALLSTÁT i bhfianaise a NDC iar-2030**

In 2025, táimid ag comóradh 10 mbliana ó glacadh Comhaontú Pháras. Don ócáid sin, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a thiomantas buanseasmhach do Chomhaontú Pháras agus don sprioc atá aige an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, agus don chomhar iltaobhach mar an t-aon bhealach éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda aeráide. Athdheimhníonn an tAontas nach mór NDCanna na bpáirtithe a bheith i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le ceanglais NDC agus nach mór dóibh dul chun cinn a léiriú.

Measann an tAontas gur bagairt eisiach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna, ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar an tsíocháin agus an tslándáil – bagairt nach féidir le haon tír, aon chríoch ná aon réigiún éalú uaidh.

Tá an tAontas ag seasamh lena ghealltanais maidir leis an aeráid. Tá spriocanna ceangailteacha leagtha síos ag an Aontas do 2030 maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i gcomparáid le leibhéil 1990 agus maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí. Tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun an sprioc maidir le laghdú le haghaidh 2030 a bhaint amach.

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide an Aontais do 2040, lena n-áirítear moladh maidir le sprioc idirmheánach do 2040, agus an chomhairle eolaíoch ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide agus measúnú tionchair mionsonraithe agus tuarascáil ar an mbuiséad carbóin á gcur san áireamh.

An 2 Iúil 2025, mhol an Coimisiún Eorpach leasú ar Dhlí Aeráide an Aontais, lena leagtar amach sprioc cheangailteach ó thaobh dlí de maidir le laghdú ar ghlanastaíochtaí GCT an Aontais faoi 2040, lena n-áirítear rannchuidiú teoranta féideartha de chreidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras. An 18 Meán Fómhair 2025, phléigh Comhairle Comhshaoil an Aontais an t-ábhar ach níl a seasamh maidir leis an athbhreithniú ar Dhlí Aeráide an Aontais tugtha chun críche aici go fóill, sprioc 2040 san áireamh.

I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an Chomhairle dá cuid oibre i gcomhréir leis na treoirlínte agus na tosaíochtaí polaitiúla ginearálta arna sainiú ag an gComhairle Eorpach, go háirithe ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Mar fhreagairt ar chinneadh 6/CMA.3 agus ar chinneadh 1/CMA.5, beidh an tAontas agus a Bhallstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, ag cur isteach an chéad NDC eile de chuid an Aontais lena ngabhann sprioc tháscach 2035 maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú i gcás líon áirithe a mheastar a bheidh idir 66.25 pointe céatadáin agus 72.5 pointe céatadáin i gcomparáid le leibhéil 1990. Tá an méid sin bunaithe ar chonairí líneacha táscacha ó, ar thaobh amháin, spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2050, agus, ar an taobh eile, ón sprioc do 2030 agus ón togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh sprioc 2040 atá á phlé faoi láthair i gComhairle an Aontais Eorpaigh. Tá an raon sin gan dochar don chomhaontú críochnaitheach maidir le sprioc aeráide 2040 an Aontais i nDlí Aeráide an Aontais.

Tíolacfaidh Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais agus an Coimisiún NDC an Aontais, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, roimh COP30.

Ba cheart comhaontú maidir le Dlí Aeráide an Aontais agus sprioc 2040 an Aontais a bheith mar bhonn eolais do sprioc tháscach an Aontais do 2035 agus do NDC.

Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit go bhfuil sé de rún daingean acu leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta le dea-shampla, gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide a chur chun cinn agus, ag an am céanna, fás inbhuanaithe, athléimneacht agus rathúnas a chothú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht.

---